

An Roinn Oideachais agus Scileanna

Department of Education and Skills

**Meastóireacht Scoile-Uile
Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim**

TUAIRISC

**Coláiste Chomáin
Ros Dumhach, Contae Mhaigh Eo
Uimhir rolla: 72140V**

Dáta na cigireachta: 2 Aibreán 2014



A N R O I N N | D E P A R T M E N T O F
O I D E A C H A I S | E D U C A T I O N
A G U S S C I L E A N N A | A N D S K I L L S

A N C H I G I R E A C H T

Meastóireacht Scoile-Uile Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim

Rinneadh meastóireacht scoile-uile ar bhainistíocht, cheannaireacht agus foghlaim in Aibreán 2014 i gColáiste Chomáin. Déantar cur síos sa tuairisc seo ar thátail na meastóireachta agus ar mholtaí a tugadh ar mhaithe le feabhsú na scoile. I rith na meastóireachta, bhuail an fhoireann chigireachta le bord bainistíochta na scoile, leis an bhfoireann bhainistíochta in-scoile agus le grúpaí múinteoirí, tuismitheoirí agus scoláirí. Chomh maith leis seo, bhreathnaigh na cigirí ar raon de cháipéisíocht scoile agus ar na freagraí a tugadh i gceistneoirí agus scrúdaigh siad sonraí eile maidir le feidhmiú na scoile. Mar chuid den mheastóireacht, rinneadh cigireacht ar raon de cheachtanna in ábhair éagsúla. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce; ba rogha leis an mbord glacadh leis an tuairisc gan freagra a thabhairt.

Réamhrá

Soláthraíonn Coláiste Chomáin iar-bhunoideachas trí Ghaeilge do bhuachaillí agus chailíní Ghaeltacht Iorrais in iarthuaisceart Mhaigh Eo. Is í an t-aon iarbhunscóil lán-Ghaeilge sa cheantar í. Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma (BOO) atá mar iontaobhaithe na scoile. Glacann an scoil páirt i DEIS, an plean gníomhaíochta do chuimsitheacht oideachais.

ACHOIMRE AR THÁTAIL AGUS MOLTAÍ D'FHORBAIRT BHREISE

Príomhthátail

- Tá an-dul chun cinn déanta le roinnt bhlianta anuas ar athbheochan na Gaeilge mar theanga riaracháin, theagaisc agus chumarsáide na scoile.
- Tá líon na scoláirí sa scoil ag méadú.
- Cuireadh feabhas mór ar chóiríocht na scoile le déanaí.
- Tá an bord bainistíochta iomlán tacúil, fréamhaithe sa phobal agus dícheallach i bhforbairt na scoile.
- Is ceannaire fuinniúil, spreagúil, fadradharcach é an príomhoide agus tá éifeacht a chuid bhuanna le sonrú sna leasuithe suntasacha atá curtha i gcrích le linn a cheannaireachta.
- Oibríonn an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach as lámha a chéile mar fhoireann bhainistíochta shinsearach atá éifeachtach agus láidir.
- Tugann an bhainistíocht shinsearach ceannaireacht den scoth don fhoireann iomlán maidir le foghlaim d'ardchaighdeán a éascú.
- Tá an scoil uile, idir bhainistíocht agus fhoireann, tiomanta don chaighdeán is airde foghlama a bhaint amach.
- Soláthraítear clár curaclaim leathan agus meáite, go háirithe i gcomhthéacs mhéid na scoile.
- Moltar an fhoireann as a ndúthracht agus a bhflaithiúlacht ag cur réimse fíor leathan de ghníomhaíochtaí seach-churaclaim agus comh-churaclaim ar fáil dá scoláirí.
- Bhí an teagasc ar fheabhas ar uairibh agus bhí sé ag caighdeán an-ard sa chuid is mó de na ceachtanna eile a breathnaíodh.
- Is soiléir go bhfuil múinteoirí áirithe ag déanamh féinmheastóireacht den scoth ar a gcuid teagaisc agus ar na modheolaíochtaí in úsáid acu.

- Tá an próiseas féinmeastóireachta faoi lánseol, ag eascairt as pleanáil DEIS atá sean-bhunaithe sa scoil.

Moltaí d'Fhorbairt Bhreise

- Ba cheart don bhord bainistíochta cruinnithe a bheith acu níos minice.
- Ba cheart tuairisc aontaithe scríofa ó gach cruinniú den bhord a sheoladh chuig comhairle na dtuismitheoirí
- Ba cheart an plean scoile uile i leith na treorach a fhorbairt níos mó, ag sonrú freagrachtaí na mball foirne agus soláthar na treorach trasna na scoile.
- Ba cheart leanúint le leathnú an churaclaim, ag iniúchadh féidearthachtaí sa chianteagasc digiteach, go háirithe le scoileanna Gaeltachta eile.
- Ba cheart iniúchadh a dhéanamh maidir leis na slite is fearr chun scileanna profisiúnta sa chomhairleoireacht treorach agus sa tacaíocht foghlama a sholáthar nó a fhorbairt sa scoil.
- Moltar an lamháltas ama do na hábhair roghnacha sa timthriall sinsearach a bheith cothrom agus de réir chomhairle na siollabas
- D'fhéadfaí forbairt suntasach a dhéanamh ar theagasc agus foghlaim in an-bheagán ceachtanna, go háirithe ó thaobh idirghníomhaíochta, ceistiúcháin agus straitéisí idirdhealaithe de.
- Ba cheart moltaí a rinneadh i gcigireachtaí ábhair faoi seach a phlé ag leibhéal na ranna ábhair uile chun gníomhartha tras-churaclaim a aontú agus a chur i bhfeidhm.

1.

1. CÁILÍOCHT BHAINISTÍOCHT AGUS CHEANNAIREACHT NA SCOILE

1.1 Úinéireacht agus bainistíocht na scoile

Tugann iontaobhaithe na scoile, BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma, gach tacaíocht don bhord bainistíochta chun soláthar oideachais éifeachtach a chinntiú. Tá cumarsáid mhaith idir an bord agus na hiontaobhaithe. Soláthraítear tuairisc fhoirmeálta bhliantúil ón mbord go dtí an BOO. Tá an bord bainistíochta fréamhaithe sa phobal agus dícheallach i bhforbairt na scoile. Tuigeann na bail a ról agus a bhfreagrachtaí agus tá roinnt acu saineolach faoi ghnéithe áirithe obair an bhoird agus an-taithí acu i réimse an oideachais agus sa rialtas áitiúil. Comhlíonann said a ndualgais mar bhord go críochnúil. Ba cheart don bhord, áfach, cruinnithe a reáchtáil níos minice. Moltar i gcoitinne íosmhéid de chúig chruinniú in aghaidh na bliana

Tá réimse beartas glactha ag an mbord a chomhlíonann freagrachtaí na scoile, beartas i leith iontrála, freastal agus rannpháirtíocht, beartas iompraíochta, beartas ar chosaint leanaí agus beartas sláinte agus sábháilteachta ina measc. Déanann an bord athbhreithniú go rialta ar na beartais i gcomhpháirt le páirtithe eile na scoile. Ba cheart, áfach, tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an bplean scoile uile i leith treorach, ag sonrú freagrachtaí na mball foirne agus soláthar na treorach trasna an churaclaim.

Soláthraíonn an bord tuairiscí aontaithe ar a gcruinnithe don bhfoireann agus is dea-chleachtas é seo. Chuirfeadh coiste na dtuismitheoirí fáilte roimh thuairiscí aontaithe scríofa dá leithéid. Moltar don bhord iad a chur ar fáil. Ba chóir machnamh a dhéanamh ar thuairiscí aontaithe oiriúnacha a sholáthar do chomhairle na scoláirí chomh maith.

Déantar agus comh-roinntear cinní an bhoird go hoscailte agus ar mhaithe le leas na scoláirí agus phobal na scoile i gcoitinne. Oibríonn an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach as lámha a chéile mar fhoireann bhainistíochta shinsearaí atá éifeachtach agus láidir ag soláthar ceannasaíochta don scoil. Tá fíis aontaithe acu do thodhchaí na scoile agus roinneann siad obair, ról agus freagrachtaí go héifeachtach agus go soiléir chun an fhís sin

a bhaint amach. Dáiltear ról na ceannasaíochta ar fhoireann na scoile ag leibhéal na bainistíochta láir. Bronntar ar mhúinteoirí dualgais atá ábhartha, iomchuí agus sainithe go soiléir faoi réir gnásanna atá comhaontaithe.

Cuimsíonn fíis leathan na scoile forbairt agus athbheochan na Gaeilge, ní hamháin sa scoil ach sa cheantar, chomh maith le treisiú spiorad an phobail agus forbairt ar shaol sóisialta Iorrais. Tá an-dul chun cinn déanta ar athbheochan na Gaeilge mar theanga riaracháin, theagaisc agus chumarsáide sa scoil.

Is deá-theist ar an scoil é an dea-chaidreamh idir na páirtithe uile, comhairle na dtuismitheoirí agus comhairle na scoláirí san áireamh. Tá comhpháirtíocht le tuismitheoirí i gcroílár éiteas na scoile agus tá coiste na dtuismitheoirí páirteach go gníomhach in imeachtaí na scoile.

1.2 Éifeachtacht na ceannaireachta don fhoghlaim

Tá príomhthosaíochtaí forbartha don scoil aitheanta ag an mbord. Thángthas orthu seo i gcomhair le pobal na scoile. Is tosaíochtaí cuí iad a thugann chéad tosaíocht do mhéadú líon na scoláirí sa scoil. Díríonn siad ar chomhpháirtíocht le fiontraíocht sa cheantar, nascadh leis na bunscoileanna Gaeltachta máguaird, forbairt ar litearthacht agus ar uimhearthacht na scoláirí, an Ghaeilge a bheith mar theanga teagaisc agus scrúdaithe sa timthriall sinsearach, a thuilleadh forbartha ar mheasúnú chun foghlama agus ar ghnéithe den fhéinmheastóireacht. Tá liosta na bpríomhthosaíochtaí cuimsitheach agus ábhartha agus is bunús an-mhaith é chun forbairt na scoile a chur chun cinn.

Chun feabhsú scoile a éascú agus a chinntiú, b'fhiú gearrliosta as na tosaíochtaí seo a aontú de réir tábhachta, ag sonrú na ngníomhaíochtaí agus amlínte cuí chun iad a bhaint amach.

Tá bainistíocht agus foireann uile na scoile tosaithe ar úsáid a bhaint as an bpróiseas féinmheastóireachta scoile (FMS) chun athbhreithniú a dheanamh ar dhul chun cinn agus mar threoir do phleanáil don todhchaí. Tá an fhéinmheastóireacht domhain i gcur chuige na scoile bunaithe ar phleanáil DEIS agus anois ar an bpróiseas FMS. Cinntítear gníomhaíochtaí faoi threoir dhea-bhainistíocht scoile agus leantar gnásanna soiléire agus éifeachtacha chun beartais a fhorbairt, a athbhreithniú agus a ghlacadh go foirmeálta.

Is foireann spreagúil iad an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach a thugann ceannaireacht den scoth don fhoireann iomlán. Tá an scoil uile, idir bhainistíocht agus foireann, tiomanta don chaighdeán is airde foghlama agus teagaisc a bhaint amach.

Tuigtear tábhacht lárnach chaighdeán na foghlama sa scoil, ní hamháin ar mhaithe le hoideachas den scoth a sholáthar do na scoláirí, ach chun méadú ar líon na scoláirí a chinntiú.

Is srian é méid bheag na scoile i ndáileadh na foirne de réir a gcáilíochtaí. Tá an bhainistíocht shinsearach sciliúil, ámh, ar ghríosadh agus ar bhainistiú na múinteoirí chun na cáilíochtaí agus an saineolas atá acu a úsáid chun curaclam leathan a sholáthar. Ba cheart iniúchadh a dhéanamh maidir leis na slite is fear chun scileanna proifisiúnta sa chomhairleoireacht treorach agus sa tacaíocht foghlama a sholáthar nó a fhorbairt sa scoil.

Tapaítear na deiseanna atá ar fáil don bhfoireann chun tairbhe a bhaint as oiliúint ghairmiúil leanúnach (OGL). Spreagann bainistíocht na scoile páirteachas agus roinneann baill foirne a bhfoghlaim lena gcomhghleacaithe ar fhilleadh dóibh ar an scoil. Sampla is ea obair na foirne ar an gceannaireacht theagascach. Tá na baill foirne páirteach go bríomhar agus go comhoibríoch in obair phroifisiúnta na scoile. Cabhraíonn struchtúir inmheánacha na scoile bige seo le cleachtaí oibre comhghleacúla a spreagadh i measc na foirne.

Soláthraítear clár curaclaim leathan agus meáite, go háirithe i gcomhthéacs mhéid na scoile. Déantar gach iarracht chun freastal ar riachtanais na scoláirí agus de ghnáth éiríonn leis an

scoil. Braitheann príomh-thosaíocht na scoile ar a bheith ábalta curaclam a theastaíonn ó na scoláirí a chur ar fáil agus is ceart leanúint le leathnú an churaclaim. Ba cheart go ndéanfaí iniúchadh ar fhéidearthachtaí an chiantegaisc ag baint úsáid as na hacmhainní digiteacha agus an nasc leathanbhanda atá sa scoil.

Soláthraítear réimse fíor-leathan de ghníomhaíochtaí seach-churaclaim agus comh-churaclaim, idir spórt, na healaíona, na heolaíochtaí agus go leor eile. Tá an scoil gníomhach ag forbairt nasc le scoileanna thar lear le tamall de bhlianta anuas faoi clár Comenius agus is mór an saibhriú é seo i bhfoghlaim na scoláirí. Moltar an fhoireann as a ndúthracht agus a bhflaithiúlacht ag cur na ngníomhaíochtaí seo ar fáil dá scoláirí.

Soláthraítear uaireanta teagaisc iomláine de réir Imlitir na Roinne Oideachais agus Scileanna M29/95. Dáiltear am teagaisc cuí ar fhorhóir ábhar an churaclaim, ach ba cheart lamháltas ama do na hábhair roghnacha sa timthriall sinsearach a bheith cothrom agus de réir chomhairle na siollabas. Úsáidtear uaireanta ainmnithe atá leithdháilte ag an Roinn do na cúiseanna atá beartaithe.

Tá beartas iontrála na scoile bunaithe ar phrionsabail an chomhionannais, na hilchineálachta agus chuimsiú na scoláirí uile. Déantar monatóireacht ar fhreastal na scoláirí agus coimeádtar taifead córasach a roinntear le tuismitheoirí. Tá straitéisí cuí ar bun chun tacú le freastal rialta agus críochnú scoile a bhaint amach.

Tá beartas agus cód iompraíochta na scoile dearfach, cuimsitheach, ciallmhar agus intuigthe do scoláirí, tuismitheoirí agus foireann na scoile. Moltar go háirithe go ndéileáiltear le freagairt do shárúithe sa dara chuid den cód, tar éis soiléiriú dearfach agus sonrath ar na fáthanna atá leis na treoireacha sa chéad chuid. Tá na freagairtí céimithe agus cothrom agus is léir go gcuidíonn an cód le deá-atmaisféar measúil a chruthú.

Tá an struchtúr tacaíochta do scoláirí sa scoil dea-eagraithe agus comhordaithe go maith. Tá na scoláirí roinnte i 'dtithe', le scoláirí ó gach bliainghrúpa in aon tigh le chéile, seachas i mblianta mar is iondúil i scoileanna eile. Tá an córas seo ag obair go maith. Tá na múinteoirí uile páirteach sa chóras. Tá soláthar na treorach go maith, le comhairle agus cúram scoláirí mar chuid lárnach den scoil. Cuirtear na cláir um oideachas sóisialta pearsanta agus sláinte (OSPS) agus um oideachas caidrimh agus gnéasachta (OCG) ar fáil chun tacú leis na scoláirí uile mar atá riachtanach. Ba cheart na gnéithe seo den scoil a shonrú go soiléir sa bheartas scoile uile i leith na treorach atá le forbairt. Éascóidh an beartas scoile-uile seo monatóireacht ar dhul chun cinn na scoláirí a fhaigheann tacaíocht.

Tá comhairle scoláirí ionadaíoch tofa go daonlathach agus páirteach mar is cuí i ngníomhaíochtaí na scoile.

Tugadh deimhniú go bhfuil glactha go foirmiúil ag an mbord bainistíochta leis na *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna*, gan athrú nó leasú, agus go bhfuil cleachtas na scoile ag teacht lena n-éilítear faoi *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna*.

1.3 Bainistíocht ar áiseanna

Tá cóiríocht agus áiseanna uile na scoile coimeáda go cúramach ag an airíoch dólis, ag an bhfoireann, ag na scoláirí agus ag pobal uile na scoile. Tá réimse acmhainní cuí ar fáil sna seomraí chun an teagasc a éascú. Tá rian chruthaitheacht phroifisiúnta na múinteoirí le sonrú go háirithe i roinnt seomraí, le troscán agus leagan amach a éascaíonn modheolaíocht teagaisc ghníomhach.

Cothaítear freagracht comhshaoil go gníomhach sa scoil i gcothabháil agus in úsáid áiseanna agus acmhainní. Tá pobal na scoile feasach faoi chúrsaí timpeallachta agus tá aitheantas na mbrat glas bainte amach acu.

Baintear dea-úsáid as teicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide (TFC) go háirithe mar acmhainn teagaisc sa rang agus le haghaidh pleanála. Tá nasc leathanbhanda ag an scoil. Is áis í TFC a d'fhéadfadh cabhrú le deacrachtaí áirithe a bhaineann le méid na scoile agus a faid ó scoileanna eile a shárú.

Tá ráiteas sláinte agus sábháilteachta cuí agus chun dáta, bunaithe ar mheasúnú riosca, ullmhaithe ag an scoil i gcomhair leis an BOO. Cuirtear an ráiteas seo in iúl don fhoireann, do chuiditheoirí agus do na scoláirí uilig

2. CÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC

2.1 Cáilíocht na foghlama agus an teagaisc

Bhí cáilíocht na pleanála scríofa ard. Cuireadh pleananna ranna ábhair ar fáil a bhí déanta go comhoibríoch agus bhí an chuid is mó acu cuimsitheach. Ba chóir, i roinnt chásanna, tuilleadh forbartha a dhéanamh ar scéimeanna oibre gearrthéarmacha ar a n-áirítear sonraí i dtaca le spriocanna foghlama, na modheolaíochtaí teagaisc comhfhreagracha, acmhainní agus modhanna measúnaithe. Aimsíodh acmhainní, ábhair agus trealamh cuí le haghaidh na gceachtanna, fearas agus acmhainní TFC san áireamh. Rinneadh measúnú maith ar fhoghlaim agus obair na scoláirí faoi thionchar na dea-phleanála a bhí déanta.

Bhí caighdeán gnéithe áirithe den teagaisc ar fheabhas. Bhí sé ag caighdeán an-ard sa chuid is mó de na ceachtanna eile a breathnaíodh. Sna ceachtanna seo roinneadh spriocanna foghlama go luath sa cheacht agus rinne na múinteoirí naisc idir an t-eolas a bhí foghlamtha cheana ag na scoláirí agus an fhoghlaim nua. Bhí struchtúr agus luas ceart faoi na ceachtanna. Bhí ullmhúchán an-mhaith déanta agus baineadh dea-úsáid as réimse an-mhaith d'acmhainní, bileoga saothair agus ábhair TFC san áireamh.

Baineadh dea-úsáid as an bhfoghlaim ghníomhach agus bhí réimse leathan modheolaíochtaí in úsáid. Cuireadh straitéisí ceistiúcháin oiriúnacha i bhfeidhm agus bhí na scoláirí rannpháirteach in obair an cheachta. Sna ceachtanna ardchaighdeán seo bhí an obair idirdhealaithe de réir chumas na scoláirí. Tugadh obair bhaile go luath i gceachtanna, bunaithe ar obair an lae. Rinneadh monatóireacht agus measúnú maith ar obair na scoláirí agus ar a gcuid obair bhaile. Bhí béim ar litearthacht agus uimhearthacht de réir deachleachtais. Tugadh suntas cuí do na bunscileanna i gceachtanna teanga agus bhí úsáid na sprioctheanga ar fheabhas ar an iomlán.

In an-bheagán ceachtanna d'fhéadfadh forbairt suntasach a bheith déanta ó thaobh teagaisc agus foghlama de. Sna ceachtanna seo ba cheart, go háirithe, tuilleadh deiseanna a sholáthar chun foghlaim trí idirghníomhaíocht, ag eagrú obair ghrúpa agus ag feabhsú straitéisí ceistiúcháin chun guth na scoláirí a threisiú. Cé go raibh idirdhealú forbartha go maith i roinnt ceachtanna, mar a luaitear thuas, bhí scóip le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar straitéisí idirdhealaithe i roinnt ceachtanna eile. Sna ceachtanna seo ba cheart machnamh a dhéanamh ar na modheolaíochtaí is fearr chun foghlaim na scoláirí a chinntiú agus pleanáil a dhéanamh dá réir

Cruthaíodh timpeallacht foghlama mhaith go fisiceach, le hábhair phriontáilte agus obair scoláirí ar taispeánt go minic. Bhí an t-atmaisféar tacúil agus na scoláirí ar a suaimhneas. Thaispeáin múinteoirí meas agus léirthuisicint ar gach iarracht a rinne scoláirí.

Foghlaim ar ard-cháilíocht don chuid is mó a breathnaíodh. Is soiléir go bhfuil múinteoirí áirithe ag déanamh féinmheastóireachta domhain ar a gcuid teagaisc agus ar na modheolaíochtaí in úsáid acu. Tá ionchais arda ag na múinteoirí seo i leith a scoláirí agus

tá ag éirí le gnóthachtaí na scoláirí dá bharr. In an-bheagán ceachtanna, ba cheart machnamh a dhéanamh ar na modheolaíochtaí is fearr chun foghlaim na scoláirí a chinntiú agus pleanáil a dhéanamh dá réir

3. CUR I BHFEIDHM MOLTAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ A RINNEADH ROIMHE SEO

3.1 Bainistíocht

Ghlac bainistíocht agus foireann teagasc na scoile go hiomlán leis na moltaí a rinneadh i gcigireachtaí ábhair agus cuireadh iad faoi bhráid na ranna ábhair faoi seach le cur i bhfeidhm. Tá dul chun cinn suntasach déanta ar an gcur i bhfeidhm, ach go háirithe sna hábhair inar rinneadh cigireacht.

Ba cheart anois na moltaí a phlé ag leibhéal na ranna ábhair uile nó an fhoireann ina hiomlán. Agus an obair seo á déanamh, moltar taifead a choimeád ar na gníomhartha atá beartaithe i ngach roinn ábhair, an t-am a thógfaidh an gníomh agus cé a thógann freagracht as an gníomh.

3.2 Foghlaim agus teagasc

Is léir go bhfuil formhór na moltaí a rinneadh maidir le teagasc is foghlaim curtha i bhfeidhm, ach go háirithe sna ranna ábhair inar rinneadh cigireacht. Chomh maith leis seo is mór iad na feabhsaithe atá curtha i bhfeidhm mar thoradh ar OGL a rinne múinteoirí le tacaíocht na scoile. Moltar go mór an roinnt a rinne na múinteoirí a fhreastail ar na seisiúin lena gcomhghleacaithe nuair a d'fill siad. Roinn siad cur chúigí, straitéisí agus modheolaíochtaí teagasc atá anois ag cur le feabhsú an teagasc agus na foghlama.

4. PRÓISEAS FÉINMHEASTÓIREACHTA NA SCOILE AGUS ACMHAINN FEABHSAITHE NA SCOILE

Tá próiseas féinmeastóireachta na scoile faoi lánseol, ag eascairt as pleanáil DEIS atá seanbhunaithe sa scoil. Tá tuiscint ag pobal na scoile faoi chur chuige na féinmeastóireachta scoile agus tá sé á chur i bhfeidhm faoi dhea-cheannasaíocht na bainistíochta sinsearaí. Bailítear sonraí ábharacha ó thuismitheoirí agus scoláirí. Tá eolas á bhailiú ar chumas na scoláirí trí tástálacha. Déantar monatóireacht ar dhul chun cinn na scoláirí. Tá plean feabhsúcháin scoile i bhfeidhm. Dhá rud a chuireann go mór le forbairt na féinmeastóireachta sa scoil ná sár-cheannaireacht an phríomhoide agus dlúthchumarsáid, comhoibriú agus muintearas na foirne.

Tá próisis chinnte ag feidhmiú sa scoil chun forbairtí nua a bhainistiú, a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú. Tá dóthain feabhsúcháin déanta ag an scoil le roinnt bhlianta anuas chun a cumas feabhsaithe a thaispeáint. Tá sé ina cumas dul i ngleic leis na feabhsúcháin atá le cur i gcrích sa tréimhse amach anseo, moltaí na tuairisce seo san áireamh, trí féinmeastóireacht agus gníomh dá réir.